

# Paidreacha



## **Paidir na Maidine**

A Dhia, tá grá agat dom.  
Bíonn tú liom de lá is d'óiche.  
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit  
gach nóiméad den lá.  
Ba mhaith liom tú a shásamh.  
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.



## **Paidir na hOíche**

A Dhia, a Athair, molaim thú  
as ucht do chineáltais liom inniu.  
As ucht mo chairde molaim thú,  
agus as an teaghlach a thug tú dom.  
I ndorchadas na hoíche cosain mé  
solas na maidine go bhfeice mé. Áiméan.

## **An Phaidir**

Ár nAthair atá ar neamh,  
Go naofar d'ainm,  
Go dtaga do ríocht,  
Go ndéantar do thoil ar an talamh  
Mar a dhéantar ar neamh.  
Ar n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,  
Agus maith dúinn ar bhfiacha,  
Mar a mhaithimidne d'ár bhféichiúna féin,  
Agus ná lig sinn I gcathú,  
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

## **'Sé do Bheatha, a Mhuire**

'Sé do bheatha, a Mhuire,  
Atá lán de ghrásta,  
Tá an Tiarna leat.  
Is beannaithe thú idir mná,  
Agus is beannaithe toradh do  
bhroinne, Íosa.  
A Naomh Mhuire, a mháthair  
Dé,  
Guigh orainn, na peacaigh,  
Anois agus ar uair ár mbáis. Áiméan.



## **Altú roimh Bhia**

Beannacht ó Dhia orainne atá ag suí chun  
boird le chéile.  
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.  
Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh dúinn é.  
Beannacht a Dhia dílis orainn féin. Áiméan.

## **Go raibh maith agat a Dhia**

Go raibh maith agat a Dhia,  
Go raibh maith agat don bhia.  
Amen, Amen, Amen.

## **A Aingeal Uasail**

A Aingeal Uasail, A Aingeal Dé,  
Cuidigh liom ar feadh an lae.  
Bí le mo hais go síoraí dlúth,  
Agus ná lig domsa dul amú. Amen.



## **Glóir don Athair**

Glóir don Athair,  
Agus don Mhac,  
Agus don Spiorad Na-  
omh.  
Mar a bhí ó thús,  
Mar atá anois,  
Mar a bheas go brách,  
Tré saol na saol. Ái-  
méan.

## **Altú tar éis Bia**

Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug bia dúinn.  
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug cairde dúinn.  
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug gach rud dúinn.  
Go raibh maith agat, a Dhia. Áiméin.





### **An Gníomh Dóláis**

A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá Dom.  
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:  
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine Eile.  
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa  
Agus gan peaca a dhéanamh arís. Áiméan



### **Paidir roimh Comaoineach**

A Thiarna Íosa, tar chugam.  
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.  
A Thiarna Íosa, tar chugam agus tabhair tú Féin dom.  
A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí, tar chugam.  
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus mo Dhia.  
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.

### **Paidir tar éis Comaoineach**

A Thiarna Íosa, gráim agus adhraím thú.  
Is tú mo chara dílis.  
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa.  
Go raibh maith agat as teacht chugam.  
Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa,  
As ucht tú féin a thabhairt dom.  
Cabhraigh liom do ghrá a léiriú  
Cibé áit a mbím.  
Bí taobh liom, a Thiarna Íosa,  
Fan in aice liom go deo.  
Beannaigh sinn, na páistí, atá faoi do chúram  
Agus tabhair ar neamh sinn chun cónaithe  
Leat féin.  
Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,  
Tá grá agam go leor.  
Táim réidh anois le do ghrá a thabhairt  
Sa bhaile is don saol mór.

### **An Fhaoistin Choiteann**

Admhaím do Dhia uilechumhachtach  
Agus daoibhse, a bhráithre,  
Gur pheacaigh mé go trom  
Le smaoinemh agus le briathar,  
Le gníomh agus le failí,  
Trí mo choir féin, trí mo choir féin,  
Trí mo mhórchoir féin.  
Ar an ábhar sin,  
Impím ar Naomh Mhuire síor-Ógh,  
Ar na haingil agus ar na naoimh,  
Agus oraibhse, a bhráithre,  
Guí ar mo shon chun an Tiarna Dia.

### **Paidreacha don Spiorad Naomh**

A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud  
Ceart a dhéanamh.  
Cabhraigh liom.  
A Spioraid Naoimh, ba mháith liom  
Maireachtáil mar a mhair Íosa.  
Treoraigh mé.  
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí mar a  
Ghuigh Íosa.  
Múin dom é. Áiméan.

Spiorad Dé sna spéartha.  
Spiorad Dé sna farraigí.  
Spiorad Dé ar na sléibhte.  
Spiorad Dé ionam.  
Spiorad Dé I solas na gréine.  
Spiorad Dé san aer.  
Spiorad Dé thart timpeall orainn.  
Spiorad Dé I ngach áit.  
A Spioraid Naoimh, Spiorad Dé, cabhraigh  
Liom. Áiméan.

